Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13634/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0188(COD)**

**CODEC 1465**
**TRANS 441**
**ENV 963**
**FIN 1164**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 1999/62/CE a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an tréimhse inar féidir le feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha tairbhiú de rátaí muirear bonneagair nó úsáideora atá laghdaithe go suntasach nó de dhíolúintí ó na muirir sin a íoc **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 27 Meitheamh 2025, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], bunaithe ar Airteagal 91(1) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 18 Meán Fómhair 2025[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a thabhairt uaidh.

4. An 7 Deireadh Fómhair 2025, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an gcéad léamh[3]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú ar tháinig na hinstitiúidí air chun an togra ón gCoimisiún a ghabháil chuici agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis.

---

[1] 10936/25.
[2] Níor foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil í.
[3] 13629/25.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 37/25 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.